

Fíor-Ghaeltacht nó Gaeltacht Fhíorúil?

Meáin Shóisialta agus Forbairt na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh

1. An Ghaeilge i Meiriceá Thuaidh

Tá na mílte cainteoirí líofa Gaeilge ina gcónaí i Meiriceá Thuaidh anois, idir inimircigh as Éirinn agus foghlaimeoirí as Ceanada agus as na Stáit Aontaithe. Is léir go bhfuil an teanga níos láidre ná riamh anseo. Ag an am céanna, is áit mhór í Meiriceá Thuaidh, agus an fhadhb is mó atá againn ná nach bhfuil mais chriticiúil de chainteoirí lasmuigh de chúpla cathair mhór. Gan an mhais chriticiúil seo, is fíordheacair clann a thógáil le Gaeilge¹, agus dá bharr sin is daoine fásta iad pobal na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh den chuid is mó.

Chomh maith leis sin, táimid scartha ó fhoinsé stairiúil na teanga in Éirinn agus ón Ghaeltacht go háirithe. B'fhéidir gur pointe conspóideach é seo, gur rud dona é seo. Tá a fhios agam go bhfuil roinnt daoine i Meiriceá Thuaidh a bhfuil Gaeilge líofa acu, a fuair a gcuid Gaeilge anseo ach nach bhfuil suim dá laghad acu i gcultúr na hÉireann ná sa Ghaeltacht. Tá sé sin go breá, agus molaim go hard as a ndíograis iad, ach mar sin féin creidim go bhfuil sé chun tairbhe na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh ceangal níos láidre a bhunú idir an comhphobal anseo agus pobal na Gaeltachta in Éirinn.

Ceann de na fáthanna atá leis seo ná an easpa cainteoirí dúchais i Meiriceá Thuaidh, i gcomparáid leis an dream an-mhór atá ag foghlaim na teanga. An chontúirt atá ann ná saibhreas na teanga a chailliúint gan tionchar Ghaeilge dhúchais na Gaeltachta.

2. Mionteangacha ar fud an domhain

Tá mo chuid oibre féin suite i gcomhthéacs domhanda, ina bhfuil na mílte teangacha i mbaol báis, ar fud an domhain.

Feictear gnéithe coitianta a bhaineann le mionteangacha go minic: pobal iargúlta, ceantair bheaga scaipthe óna chéile, gach ceann lena chanúint féin, cosúil leis na Gaeltachtaí in Éirinn. Mar shampla eile, ón gceantar seo i gCeanada, na teangacha Ojibwe, á labhairt siar go Saskatchewan agus ó dheas sna Stáit Aontaithe (Wisconsin agus Minnesota). Cloistear canúintí an-difriúla chuile áit, agus easpa idirphlé idir na ceantair éagsúla. Feictear an scéal céanna leis na teangacha Songhay i Mailí san Afraic, agus leis na céadta samplaí eile.

Go minic feictear le teangacha eile an fhadhb a luaigh mé i gcomhthéacs na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh; .i. pobal mór diaspóra nó pobal a labhraíonn teanga oidhreachta, scartha óna áit dúchais. Mar shampla, cainteoirí teangacha Afracacha ina gcónaí san Eoraip nó i Meiriceá, nó daoine bundúchasacha ina gcónaí i gceantar uirbeach, rud coitianta go leor ar fud an domhain anois.

Dar liomsa, is é an fachtóir is tábhachtaí maidir le straitéisí agus cur chun cinn na dteangacha seo ná an easpa suime ón earnáil ghnó atá ann. I ndáiríre, is cuma le Microsoft, le Google, le hApple, le Rosetta Stone beatha nó bás na Gaeilge nó aon mhionteanga eile. Tuigim go bhfuil rudaí fiúntacha déanta ag na comhlachtaí seo agus ag comhlachtaí eile nach iad, ach, ag deireadh an lae, is chun tairbhe a gcuid scairshealbhóirí atá siad ag obair. Mar shampla, bhunaigh Rosetta Stone brainse speisialta dírithe ar theangacha i mbaol báis i 2005 (Endangered Language Program). Chruthaíodar leaganacha den bhogearra a bhí curtha in oiriúint do chúig theanga bhundúchasacha i Meiriceá Thuaidh idir 2005 agus 2010. Ach anuraidh, ag dul in aghaidh an chúlú eacnamaíoch agus brabús cailte mar gheall ar chóipeanna de Rosetta Stone ar fáil saor in aisce ar an Idirlíon, dhúnadar an Endangered Language Program.

¹ Ach níl sé dodhéanta; cf. léachtaí Lawrence Morris agus Brian Ó Broin

I gcomhthéacs na Gaeilge, tá scéal cosúil leis seo a bhaineann le hApple. Blianta ó shin, sna nóchaidí, rinne Marion Gunn agus a comhlacht EGT aistriúchán breá Gaeilge ar chóras oibriúcháin Mac agus roinnt bogearraí eile ar an ardán sin. Ach ní raibh Apple sásta tacaíocht fhadtéarmach a thabhairt don leagan Gaeilge, agus cúpla bliain tar éis sin, ní raibh aon fháil ar an aistriúchán Gaeilge, agus níl fiú sa lá atá inniu.

Bhí an Ghaeilge beo ar feadh na mílte blianta sula raibh Google, Microsoft, Apple nó Rosetta Stone ar an bhfód, agus beidh sí beo i bhfad tar éis dóibh a bheith imithe. Is gá straitéisí a bhunú ar an bpobal féin, seachas ar chomhlachtaí móra.

3. Na Meáin Shóisialta agus Mionteangacha

Cad iad na “Meáin Shóisialta”?

- Blagadóireacht agus podchraoltóireacht
- Micreabhlagadóireacht (mar shampla Twitter)
- Líonraí Sóisialta (mar shampla Facebook)
- Cluichí Sóisialta (World of Warcraft, Second Life)
- Comhphobail Ábhair (YouTube, Flickr)
- Tionscadail Chomhoibrithe (Is é an Vicipéid is sampla is mó atá ann)

Buntáistí na Meán Sóisialta:

- Is féidir pobail scaipthe a athcheangal ar líne
- An ceangal idir cainteoirí dúchais agus an diaspóra a neartú
- Is é an pobal féin atá freagrach as an ábhar
- Ní gá brath ar an earnáil ghnó nó ar na meáin traidisiúnta nach bhfuil suim dá laghad acu sa teanga
- Is maith le daoine óga na meáin shóisialta; is “dúchasaigh dhigiteacha” iad. Is daoine óga a dhéanfaidh an chéad ghlúin eile de chainteoirí.
- Is féidir comhrá nádúrtha a dhéanamh, faoi chúrsaí an lae, seachas a bheith ag plé na Gaeilge i gcónaí!

Is suíomh micreabhlagadóireachta é Twitter². Scríobhtar teachtaireachtaí gearra (“tuíteanna” or “tweets”) ina bhfuil céad is daichead carachtar ar a mhéad, trí ríomhaire nó (rud níos coitianta) trí fhón póca. Is féidir leat daoine eile a “leanúint” freisin: do chuid cairde, daoine mór-le-rá, foirne spóirt, polaiteoirí, eagraíochtaí, chun a gcuid tuíteanna a fheiceáil.

Déanaim tuíteanna i nGaeilge ón chuntas @kscanne, agus tá timpeall is trí chéad duine do mo leanúint. Déanann Justin Bieber tuíteanna i mBéarla ón chuntas @justinbieber, agus tá trí déag ponc a sé milliún duine dá leanúint.

Is seirbhís saor in aisce é Twitter, agus toisc go bhfuil daoine tuíteáil ó fhón póca go minic, faightear nuacht “ar an toirt” agus “ar an suíomh” (feictear go leor “torainn” freisin, ach sin é scéal eile). Creidtear go raibh ról tábhachtach ag Twitter in Earrach na nArabach i mbliana mar shampla, agus is uirlis eagraithe é do ghluaiseachtaí pobail eile, Occupy Wall Street ina measc. I gcomhthéacs athbheochan na mionteangacha, is féidir le daoine nach bhfuil muintín acu sa teanga, an “cúpla focal” atá acu a úsáid, gan a bheith buartha faoi fhuaimniú nó litriú beacht.

² Féach <http://twitter.com/>. Ba chóir dom a rá i dtosach báire gur fostaí de chuid Twitter mé faoi láthair, fad is go bhfuilim ar cead ó m'ollscoil.

4. Indigenous Tweets agus Indigenous Blogs

Is suíomh Gréasáin é Indigenous Tweets³; ‘séard atá ann ná eolaire ar gach duine a bhaineann úsáid as Twitter i dteanga mhionlaigh. Lainseáil mé an suíomh ar Lá Fhéile Pádraig 2011, agus bhí cúig theanga is tríocha ann ag an am sin. Tháinig borradh mór air sna míonna tar éis sin, agus tá beagnach céad is tríocha teanga ar an suíomh anois.

An smaoinemh atá taobh thiar é ná pobail teanga ar líne a neartú (nó i gcásanna áirithe, a chruthú); trí chainteoirí a cheangal lena chéile. Creidim go bhfuil luach siombalach leis freisin; tá constaicí intinne le sárú ag daoine a smaoiníonn gurb é an Béarla (nó an Fhraincis, nó an Spáinnis) teanga an ríomhaire, teanga an Idirlín, sula mbeidh siad sásta a dteanga dhúchais a úsáid ar líne.

Shroicheadar cloch mhíle mhór cúpla seachtain roimh an gcomhdháil seo: tá níos mó ná míle duine tuíteáil as Gaeilge anois!⁴

Leis an rath a bhí ar Indigenous Tweets, cheap mé gur chóir an rud céanna a dhéanamh le blaganna. Mar sin, chruthaigh mé suíomh nua darb ainm Indigenous Blogs⁵ i mí Lúnasa 2011, ar a bhfuil gach blag scríofa i dteanga mhionlaigh. Tá seachtó teanga ann faoi láthair, uimhir atá ag fás i gcónaí. Is fiú lua go bhfuil próifíl dhifriúil ar na teangacha idir an dá shuíomh, mar gheall ar na formáidí difriúla atá i gceist. Toisc gur féidir tuíteanna a dhéanamh ar fhón póca, feictear pobail láidir san Afraic agus in Háití ar Indigenous Tweets, cé nach bhfuil ach cúpla blag as na háiteanna sin.

Maidir leis an nGaeilge, tá níos mó ná céad blag ann⁶, agus níos mó ná dhá mhilliún focal Gaeilge, le gach sórt ábhar léitheoireachta. Agus cosúil le Twitter, tá gnéithe sóisialta ann freisin, cé nach bhfuil siad chomh láidir sa réimse blagadóireachta: nótaí tráchta ar altanna, leantóirí, agus mar sin de. Tá fotha RSS ar fáil le haghaidh gach teanga; clárú leis an bhfotha sin chun gach alt i do theanga a fháil i léitheoir RSS (Google Reader, mar shampla).

5. Aistriúcháin

Anois, tá constaic amháin fós ann ba mhaith liom a phlé. **Ní fíor** a rá nach bhfuil aon bhaint ag an earnáil ghnó le meáin shóisialta.

Ar ndóigh is comhlachtaí móra atá taobh thiar formhór na seirbhísí seo: Twitter, Facebook, Blogger (seirbhís de chuid Google). Thosaigh Conn Ó Muineacháin líonra sóisialta neamhspleách (anlionra.net) dírithe ar chainteoirí Gaeilge timpeall is cúig bliana ó shin; d'éirigh go maith leis ar feadh tamaill, ach is deacair dul i gcomórtas leis na líonraí sóisialta móra ar fháth shimplí; tá gach duine ar na suíomh sin cheana!⁷

Níl aon fhadhb le hábhar a chruthú i nGaeilge nó in aon teanga eile ó thaobh teicneolaíochta; tacaíonn gach suíomh le Unicode, mar shampla, agus dá bharr sin má tá na clófhoirne cearta agat ar do ríomhaire, is féidir tuít nó stádas Facebook a dhéanamh in Ojibwe, nó Amhairis, nó Tibéidis.

³ <http://indigenoustweets.com/>

⁴ I nDeireadh Fómhair 2011. Agus mise ag scríobh an nóta seo i Márta 2012, tá beagnach trí mhíle duine ag tweetáil as Gaeilge.

⁵ <http://indigenoustweets.com/blogs/>

⁶ Blaganna ar blogspot.com amháin

⁷ Le tacaíocht airgid ó Rialtas na hÉireann, bhí líonra nua den chineál seo bunaithe i bhFeabhra 2012, darb ainm “Abair Leat”. Ach cosúil leis anlionra.net, ní léir go n-éireoidh leo daoine a mhealladh ó Facebook agus Twitter ar scála mór.

É sin ráite, níl na suímh fhéin ar fáil i mionteangacha i gcónaí. Tá an t-ádh orainn go bhfuil Google ar fáil i nGaeilge le blianta fada (an t-inneall cuardaigh amháin - níl Gmail nó Google+ ar fáil i nGaeilge), agus Facebook freisin. Ach cad faoi theangacha eile? Agus cad faoi sheirbhísí eile nach bhfuil Gaeilge orthu faoi láthair, mar shampla Twitter, Gmail, nó Google+? Cé go bhfuil aistriúcháin ar Facebook ar fáil i níos mó ná céad teanga faoi láthair, níl ach cúpla mionteanga ar an liosta, agus is gá le cainteoirí Ghaeilge na hAlban, Manainnis, Briotáinis, Ojibwe, srl. úsáid a bhaint as an leagan Béarla nó Fraincis. Tá aithne agam ar dhaoine ó chomhphobail teanga ar fud an domhain atá ag iarraidh a dteangacha a chur ar Facebook agus Google. Creid nó ná creid, bhí duine de mo chairde ag bailiú sínithe ar iarratas le cur faoi bhráid Facebook i mbliana, ag iarraidh cead uathu an suíomh a aistriú. Ach níl na comhlachtaí seo sásta “cead” a thabhairt dúinn an obair a dhéanamh. Níl a fhios agam cén fáth nach bhfuil – obair shaorálach a bheadh i gceist. I gcás Google, is cuid dá bhfealsúnacht chorparáideach an ráiteas seo: “Our mission is to facilitate access to information for the entire world, *and in every language*” - is léir gur ráiteas folamh gan phrionsabal é seo.

Nílímse sásta fanacht le cead! Tá réiteach teicniúil ar an bhfadhb agam anois, a chuireann aistriúcháin in ionad an Bhéarla *i do bhrabhsálaí féin*, le píosa beag JavaScript. Réiteach “éadrom” atá ann; suiteáil le clic amháin. Agus is é an pobal féin a dhéanfaidh na haistriúcháin, gan páirtíocht Facebook nó Google ar chor ar bith, agus ní gá cead a lorg uathu.

Seans nach mbeidh Facebook agus Google sásta leis seo, ach is cuma liom faoi sin! Tá ag éirí go breá leis an tionscadal seo ó chuir mé an cód ar fáil timpeall is mí ó shin. Tá aistriúcháin tosaithe ag níos mó ná 60 mionteanga, le 15 teanga críochnaithe, an Bhriotáinis agus an Mhanainnis ina measc.

Ní liomsa an cleas JavaScript seo. Scríobh duine de mo chairde, darb ainm Neskie Manuel, nach maireann, an chéad leagan chun a theanga féin (Secwepemctsin, a labhraítear i ndeisceart British Columbia) a chur ar Facebook. Fuair Neskie bás go tragóideach i mí Bealtaine 2011, agus ba mhaith liom an léacht seo a thabhairt in ómós dó. Is mór an onóir leanúint lena obair, an tionscadal tábhachtach seo go háirithe.

6. Conclúid

Tá pobal na Gaeilge ag dul ó neart go neart ar líne, ar Twitter, Facebook, blaganna, srl., agus tá cainteoirí i Meiriceá Thuaidh ag glacadh páirte sa “chomhrá” ar líne seo. Mise féin, caithim beagnach gach lá ar líne, agus formhór an ama sin trí mheán na Gaeilge. Is é mo Ghaeltacht féin é! Is fiordheacair an rud céanna a dhéanamh – an lá ar fad a chaitheamh saite sa Ghaeilge – in Missouri, nó i mBaile Átha Cliath, nó fiú i gConamara.

I bhfianaise an *Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007), a thuar bás na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht san fhiche bliain romhainn, ba mhaith liom an cheist seo a chur chun díospóireacht a spreagadh: An é an Gréasán Gaeltacht na haoise nua?